An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Daonáireamh 2016
TORTHAÍ
www.cso.ie

Torthaí Achoimre Dhaonáireamh 2016 – Cuid 1

Sliocht faoin nGaeilge & faoi Cheantair Ghaeltachta

An Ghaeilge

Sliocht as Torthaí Achoimre Dhaonáireamh 2016 - Cuid 1

Labhairt na Gaeilge

Minicíocht labhairt na Gaeilge

Ceantair Ghaeltachta

An bhfuil Gaeilge labhartha agat?

Cuireadh an cheist sa daonáireamh mar gheall ar chumas Gaeilge ina dá chuid; sa chéad chuid iarradh "An bhfuil Gaeilge labhartha agat?" agus sa dara cheann iarradh cé chomh minic a bhíti á labhairt.

Thug 1,761,420 duine le fios go raibh Gaeilge labhartha acu in Aibreán 2016; titim bheag (-0.7 faoin gcéad) ar fhigiúr na bliana 2011 (1,774,437 duine). Is ionann an figiúr is déanaí seo agus 39.8 faoin gcéad de fhreagróirí, i gcomparáid le 41.4 faoin gcéad i 2011.

D'fhreagair gar d'aon trian (30.1 faoin gcéad) de dhaoine idir 10 agus 19 mbliana d'aois 'níl' don cheist "An bhfuil Gaeilge labhartha agat?"

Chomhlíonadh 8,068 cinn de leagan Gaeilge na foirme le linn Daonáireamh 2016 i gcomparáid le 8,676 foirm i nDaonáireamh 2011.

Féach tábla gréasáin EY033

Léaráid 7.1 Cainteoirí Gaeilge mar chéatadán den daonra iomlán, de réir inscne, 2016



Idirdhealú inscne

Léirítear i Léaráid 7.1 na torthaí maidir le cumas Gaeilge a labhairt rangaithe de réir inscne. I ndaonáirimh roimhe seo, chonacthas treocht leanúnach go dtugann tuilleadh mná ná fir le fios go bhfuil cumas labhartha Gaeilge acu. Leanann torthaí ón daonáireamh seo an treocht chéanna.

Thug 43.1 faoin gcéad de mhná le fios gurbh fhéidir leo Gaeilge a labhairt i gcomparáid le díreach 36.4 faoin gcéad d'fhir.

Minicíocht

As an 1.76 milliún duine a thug le fios go raibh cumas labhartha Gaeilge acu, dúirt 73,803 duine díobh go labhraíodh siad í go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais, titim 3,382 duine ó fhigiúr na bliana 2011.

Thug 111,473 duine eile le fios go labhraíodh siad Gaeilge go seachtainiúil agus dúirt 586,535 duine go labhraíodh siad í ní chomh minic sin. Dúirt os cionn aon cheathrú (421,274) de dhaoine le cumas labhartha Gaeilge nach mbíodh an teanga á labhairt acu riamh.

Tháinig borradh de 831 duine ar an líon daoine a labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil agus meath 26,701 ar an líon daoine a labhraíonn í ní chomh minic sin.

Féach tábla gréasáin EY034

Léaráid 7.2 Daonra 3 bliana d'aois agus níos sine de réir minicíocht labhairt na Gaeilge, 2016



Sin í an fhírinne!

1.7% Céatadán den daonra (3 bliana d'aois nó níos sine) a labhraíodh Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais in Éirinn

17.4% Céatadán den daonra (3 bliana d'aois nó níos sine) a labhraíodh Gaeilge san iomlán taobh amuigh den chóras oideachais in Éirinn

Daoine 17 agus 18 mbliana d'aois

As an líon iomlán de 122,612 duine a bhí 17 nó 18 mbliana d'aois, d'fhreagair beagnach aon trian díobh (40,626) 'níl' don cheist "An bhfuil Gaeilge labhartha agat?" Thug 60.4 faoin gcéad d'fhireannaigh san aoisghrúpa seo 'tá' mar fhreagra ar an gceist seo, i gcomparáid le 71.4 faoin gcéad de bhaineannaigh.

Léaráid 7.3 Cumas labhairt na Gaeilge i measc lucht 17 agus 18 mbliana d'aois, 2016



Léaráid 7.4 Daoine 3 bliana d'aois nó níos sine sna ceantair Ghaeltachta de réir minicíocht labhairt na Gaeilge, 2016



Ceantair Ghaeltachta

As an 73,803 cainteoir laethúil Gaeilge (taobh amuigh den chóras oideachais), bhí cónaí ar 20,586 díobh (27.9%) i gceantair Ghaeltachta.

Sheas daonra iomlán na gceantar Gaeltachta ar fad ag 96,090 duine in Aibreán 2016, laghdú 0.6 faoin gcéad ón líon 96,628 duine sa bhliain 2011. Astu seo, thug 63,664 duine (66.3 faoin gcéad) le fios go raibh Gaeilge labhartha acu agus thug 20,586 duine nó 21.4% den iomlán go labhraíodh siad Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais. B'ionann seo agus laghdú 11.2 faoin gcéad ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i 2011 (23,175 duine).

Tháinig titim 0.7 faoin gcéad ó 16,244 i 2011 go 16,137 i 2016 ar an líon daoine i gceantair Ghaeltachta a dúirt go labhraíodh siad Gaeilge ar bhonn ní chomh minic sin.

Féach tábla gréasáin EY034

Tábla 7.1 Cainteoirí laethúla Gaeilge i gceantair Ghaeltachta, 2011-2016

Ceantar Gaeltachta	2011	2016	Fíorathrú 2011-2016
Contae Chorcaí	982	872	-110
Contae Dhún na nGall	7,047	5,929	-1,118
Cathair na Gaillimhe	636	646	10
Contae na Gaillimhe	10,085	9,445	-640
Contae Chiarraí	2,501	2,049	-452
Contae Mhaigh Eo	1,172	895	-277
Contae na Mí	314	283	-31
Contae Phort Láirge	438	467	29
Ceantair Ghaeltachta ar fad	**23,175**	**20,586**	**-2,589**

Sin í an fhírinne!

2% Céatadán de dhaonra na tíre ag cur fúthu sna ceantair Ghaeltachta

32% Céatadán de chainteoirí Gaeilge i gceantair Ghaeltachta a labhraíodh Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais

53,217 An líon daoine ag cur fúthu taobh amuigh den Ghaeltacht a labhraíodh Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais